CINNEADH (AE) 2023/2068 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 12 Meán Fómhair 2023

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2022/2278 maidir le líon eisiúintí bonn atá le formheas in 2023 (BCE/2022/40) *(BCE/2023/23)*

TÁ BORD FEIDHMIÚCHÁIN AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 128(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2015/2332 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Nollaig 2015 maidir leis an gcreat nós imeachta d'fhormheas líon eisiúintí bonn euro (BCE/2015/43) ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an ceart eisiach ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ón 1 Eanáir 1999 líon na mbonn a eisíonn na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu a fhormheas.

(2) Bunaithe ar na meastacháin ar an éileamh ar bhoinn euro in 2023 a chuir na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu faoi bhráid BCE, d'fhormheas BCE an líon iomlán bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht agus monaí euro inbhailithe nach bhfuil ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht in 2023 i gCinneadh (AE) 2022/2278 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/40) ([2]).

(3) De bhun Airteagail 3 de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43) ní mór do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu fógra a thabhairt do BCE más dócha go sáróidh an t-éileamh iarbhír ar mhonaí euro an líon formheasta d'eisiúint bonn i mbliain féilire amháin agus, i gcás ina leantar de na héilimh mhéadaithe ar mhonaí, ní mór dóibh formheas ad hoc a iarraidh le haghaidh líon breise d'eisiúint bonn sa bhliain féilire sin.

(4) An 31 Iúil 2023, fuair BCE iarraidh ón Oesterreichische Nationalbank thar ceann na hOstaire chun líon na monaí euro a fhéadfaidh an Ostair a eisiúint in 2023 a mhéadú de mhéid breise EUR 35,00 mhilliún, ó EUR 81,00 mhilliún go EUR 116,00 milliún. Dá réir sin, ardóidh líon iomlán na monaí euro a eiseofar don Ostair in 2023 go EUR 291,51 milliún, ina mbeidh EUR 116,00 i monaí atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht agus EUR 175,51 milliún i monaí inbhailithe. Rinneadh an t-iarratas mar fhreagairt ar an éileamh níos láidre ar mhonaí euro in earnálacha atá dian ar airgead tirim, go háirithe i gcás boinn euro ardluacha, mar aon le héileamh ad hoc monaí euro ó bhainc mhórdhíola atá gníomhach san Ostair agus éileamh méadaithe monaí trasteorann ó thíortha comharsanachta.

(5) De bhun Airteagal 3(7) de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43) ní mór don Bhord Feidhmiúcháin cinneadh aonair a ghlacadh maidir leis an iarraidh ar fhormheas ad hoc, nuair nach gá aon mhodhnú ar an iarraidh ad hoc.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2022/2278 (BCE/2022/40) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear an tábla in Airteagal 2 de Chinneadh (AE) 2022/2278 (BCE/2022/40) mar a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir leis an Ostair:

'An Ostair	116,00	175,51	291,51'

([1]) IO L 328, 12.12.2015, lch. 123.

([2]) Cinneadh (AE) 2022/2278 ón mBanc Ceannais Eorpach an 8 Samhain 2022 maidir le líon eisiúintí bonn atá le formheas in 2023 (BCE/2022/40) (IO L 300, 21.11.2022, lch. 46).

2. cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró dar teideal 'Iomlán':

'Iomlán	2 135,94	496,18	2 632,12'

Airteagal 2

Teacht in éifeacht

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a thabharfar fógra do na seolaithe.

Airteagal 3

Seolaithe

Tá an Cinneadh seo dírithe ar na mBallstát arb é an euro an t-airgeadra atá acu.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 12 Meán Fómhair 2023.

Do Chomhairle Rialaithe an BCE
Uachtarán an BCE
Christine LAGARDE